—2002—

# Carracáin agus Bráiste: Ómós do Mháirtín Ó Cadhain

Pádraic Breathnach

(Cathaoirleach: Aisling Ní Dhonnchadha)

Ina chuireadh chuir an tOllamh Pádraig A. Breatnach in iúl dom, cé gur Léacht Uí Chadhain a thugtar ar an léacht bhliantúil seo, go bhféadfainn labhairt ar ábhar ar bith ba roghain liom. Ag an bpointe sin ní raibh a fhios agam ó thalamh go haer cén t-ábhar a roghnóinn. Gan mórán machnaimh, ámh, i ngeallt gur Léacht Uí Chadhain a bhí i gceist, theastaigh uaim go mbeadh mo chuid cainte dírithe ar Ó Cadhain, arae is fada mé ag gabháil dá shaothar agus dáimh agam leis; mé faoi thionchar aige, is dóigh, a bheag nó a mhór. Bhí beagán aithne phearsanta agam ar Mháirtín. Bhí mé i láthair trí bhabhta nó mar sin le linn dó a bheith ag tabhairt léachta: in Aonach Urmhumhan an oíche úd a dtug sé an léacht arb í an leabhar *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (1969) anois í; ar an gCeathrú Rua roimhe sin le linn Mhórdháil Ghael, Máirtín amuigh ar Pháirc an Chathánaigh ina sheasamh taobh le leoraí ag glafairt faoin nGaeilge agus a thábhachtaí is a bhí sí don Cheathrú Rua agus do Ghaeltacht Chonamara frí chéile.

Bainim úsáid d'aon úim as an bhfocal mí-ásach sin 'glafairt' arae ba ghlafairt a bhí sé a dhéanamh, a mb'éigean dó a dhéanamh, mar bhunáite na ndaoine, ógfhir, a bhí i láthair, níor mhórán suime i Máirtín nó ina chuid cainte a bhí acu. Ógfhir abhaile ar saoire samhraidh as Sasana ag bualadh peile, go leor Béarla á labhairt agus screadaíle á déanamh, ní bheadh a n-aird ar óráid faoi Ghaeilge ba chuma cé bhí á tabhairt nó cé chomh tábhachtach is a bhí sí.

Máirtín ag cur comhairle, ag tabhairt rabhaidh go borb, go mbeadh thiar go daor dá gcaillfí an Ghaeilge arae d'eile a bhí i gConamara seachas clocha? Ní mheallfaí fámairí le clocha. Mura mbeadh an Ghaeilge le fáil acu dheamhan a ndéanfaidís dóthain cónaithe sa gceantar lena mbrá gill a chaitheamh ann. B'fhéidir go meallfaí iad tréimhsíní chuig tránna ach go ngreadfaidís leo soir arís ina ngluaisteáin. Thart faoin am céanna, nó beagáinín ina dhiaidh, bhí mé i halla i dTír an Fhia nuair a labhair Máirtín ansin. Cineál siompóisiam faoi Náisiúnachas a bhí ann. Céard ba 'náisiún' ann, agus rl., agus bhí slua maith fíréan bailithe sa halla cé nach raibh an cinnire, Máirtín, ann ag an tús. Ach bhí cúpla duine ar an ardán agus iad ar a mine ghéire ag iarraidh an seó a choinneáil ina bheatha go dtiocfadh sé féin. Ba chosúil é ar chaoi leis na féilte ceoil seo a mbíonn mionghrúpaí ar an ardán i dtosach mar réiteach le haghaidh an aicsin mhóir; nó ba chosúil le Brian Lenihan fadó ag ardfheiseanna Fhianna Fáil roimh theacht Haughey, slán an tsamhail!

Náisiún agus Náisiúnachas? Ceisteanna simplí go maith, shílfeá, ach ba bhacach go maith a bhí an cur is cúiteamh orthu ag dul. Mar shólás agus mar spreagadh d'insítí dúinn idir amanna Máirtín a bheith ar a bhealach: é a bheith ag déanamh a bhealaigh isteach as Árainn chugainn.

Pé ar bith tháinig Máirtín i dtráth, é fliuch, fuar, ón gcáitheadh farraige a bhí isteach air sa mbád. Chuaigh sé in airde ar an ardán, é cantalach go maith. Cantalach a bhí sé i gcaitheamh an ama. Cantalach, mar a bhí sé cantalach thoir ar an gCeathrú Rua ach níos cantalaí. Bhí sé cantalach mar gur ghlac sé go dáiríre leis an nGaeilge agus go bhfaca sé go raibh sí ag imeacht as. Níor fhan sé i bhfad. Chuir mé romham labhairt leis an oíche sin agus é ag imeacht. Go soineanta dúirt mé leis gur mhaith liom a lámh a chroitheadh. Chroith sé, sách fuarchúiseach a shíl mé, agus mhungail sé rud éigin nár thuig mé i gceart; go raibh súil aige go ndeánfadh a lámh maitheas dhom nó rud éigin frimhagúil mar sin. Ach, ar ndóigh, gur chuir mé aithne i bhfad níos fearr air óna scríbhinní. Bhí staideár déanta agam, i mo mhac léinn dom, i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, ar *Idir Shúgradh agus Dáiríre* (1939) agus ar *Cré na Cille* (1949).

Is fada anois mé ag múineadh i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, agus bíonn saothair dhifriúla leis ar siúl agam, mórán chuile bhliain, le mo chuid mac is iníonacha léinn. Is iondúil mic is iníonacha léinn as Gaeltacht Chonamara thíos i Luimneach againn.

Timpeall tríocha bliain ó shin bhí beirt againn—Filimíne Ní Chualáin as an gCoill Rua, Indreabhán, agus Bairbre Ní Churraoin as Páirc an Spidéil—beirt ar leith, nach ndéanfaidh mé dearmad go brách orthu, a raibh scoth na Gaeilge acu, agus díograis dá réir, ar mhór ar fad an spórt a bheith á múineadh; muid ag múineadh a chéile. Ach fuair mé amach nach raibh an focal 'carracán' nó 'bráiste' ag ceachtar acu. Chuir sé seo iontas thar na bearta orm; ní fhéadfainn é a shamhlú,